Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10722 — CHEVRON / RENEWABLE ENERGY GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 201/09)

1. An 10 Bealtaine 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Chevron Corporation ("Chevron", na Stáit Aontaithe),

— Renewable Energy Group, Inc ("REG", na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Chevron rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar REG.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin chomhaontú um chumaisc (idirbheart atá go hiomlán in airgead tirim).

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta fuinnimh chomhtháite é Chevron atá bunaithe i gCalifornia, a tháirgeann amhola agus gás nádúrtha, breoslaí iompair, bealaí, peitriceimiceáin agus breiseáin,

— Is táirgeoir bithbhreoslaí é REG a bhfuil ceanncheathrú aige in Iowa, a tháirgeann bithdhíosal agus díosal in-athnuaite, agus a dhíolann creidmheasanna carbóin, táirgí de bhunadh peitriliam, chomh maith le táirgí de bhunadh peitriliam arna chumasc tuilleadh le díosal bithbhunaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10722 – CHEVRON / RENEWABLE ENERGY GROUP)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.